Lochtanna ar Chlár na Vótóirí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhadhbanna le Clár na Vótóirí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cé atá i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin in Éirinn? (Smaoinigh ar aois, saoránacht, áit chónaithe, srl.) Cén fáth go bhfuil gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar Chlár na Vótóirí go rialta? Cad iad na hathruithe éagsúla a thagann ar an gClár ó bhliain go bliain?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. senator _____
2. system _____
3. Central Statistics Office _____
4. this year's census _____
5. entitled to vote _____
6. extra time (extension) _____
7. Minister of the Environment _____
8. in order to register _____
9. the next general election _____
10. so many problems _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé a chuir an rialtas ar an eolas go raibh fadhbanna le Clár na Vótóirí?

2. De réir na tuairisce, cé mhéad duine i gcathair Chorcaí atá i dteideal vóta a chaitheamh? Agus cé mhéad duine atá ar dhréachtchlár na Comhairle Cathrach?

3. Cén iarracht atá déanta ag an Aire Comhshaoil chun an fhadhb a réiteach?

3. Cén dearcadh atá ag an seanadóir Brendan Ryan faoin scéal? Cén fáth, dar leis, nach bhfuil na lochtanna atá ar an gClár réitithe ag an rialtas?

Ceist 4 ‘Cabhróidh an *síneadh ama* a thug an tAire Comhshaoil chun clárú.'
‘Níl ach 80,000 duine ar dhréachtchlár na *Comhairle Cathrach*.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigh na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Tá triúr Teachta _____ i ndáilcheantar Chiarraí Theas. (Dáil)

2. Nuair a chríochnaíonn Muireann sa choláiste, ba mhaith léi bheith ina múinteoir _____. (scoil)

3. De ghnáth bíonn ionad _____ mór i ngach baile sa lá atá inniu ann. (siopadóireacht)

4. Cheannaigh siad teach le trí sheomra _____. (leaba)

5. Bíonn níos mó éilimh ar thithe atá cóngarach do stáisiún _____. (traein)

Ceist 5 **‘**Tá an Seanadóir Brendan Ryan go mór in amhras faoin údar nach bhfuil na *lochtanna* atá ar Chlár na Vótóirí réitithe fós ag an rialtas.’

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí thíos a líonadh?

	uatha	*iolra*
1	locht	lochtanna
2	vótóir	vótóirí
3	carr	
4	clár	
5	cathair	
6	baile	
7	duine	
8	leaba	
9	ailtire	
10	cúis	
11	traein	
12	galar	

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Tháinig an t-eolas faoi Chlár na Vótóirí chun solais i ndaonáireamh na bliana seo. Cén fáth go mbíonn daonáirimh sa tír seo agus i dtíortha eile? Cén úsáid a bhaintear as an eolas a bhailítear? (Smaoinigh ar fhostaíocht, tithíocht, oideachas, srl.)

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. seanadóir
2. córas
3. An Phríomh-Oifig Staidrimh
4. daonáireamh na bliana seo
5. i dteideal vóta a chaitheamh
6. síneadh ama
7. an tAire Comhshaoil
8. chun clárú
9. an chéad olltoghchán eile
10. an oiread sin fadhbanna

Ceist 3

1. An Phríomh-Oifig Staidrimh. Cuireadh an rialtas ar an eolas go raibh fadhb le Clár na Vótóirí i ndiaidh an olltoghcháin dheireannaigh nuair a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh agallamh ar 25,000 duine. Is é an toradh a bhí air ná go bhfuarthas amach go raibh 20% acu nach raibh ar Chlár na Vótóirí.

2. I gcathair Chorcaí, de réir figiúirí daonáireamh na bliana seo, tá nach mór 94,000 duine i dteideal vóta a chaitheamh ach níl ach beagán le cois 80,000 duine ar dhréachtchlár na Comhairle Cathrach.

3. Tá síneadh ama tugtha ag an Aire Comhshaoil chun clárú agus beidh go dtí trí seachtaine roimh an chéad olltoghchán eile ag daoine chun clárú.

4. Deir an Seanadóir Brendan Ryan go bhfuil seisean go mór in amhras faoin údar nach bhfuil na lochtanna atá ar Chlár na Vótóirí réitithe fós ag an rialtas. Creideann an seanadóir go bhfuil buntáiste ann don rialtas an córas a fhágáil mar atá.

Ceist 4

An tuiseal ginideach uatha atá i gceist anseo.

1. Teachta Dála
2. múinteoir scoile
3. ionad siopadóireachta
4. trí sheomra leapa/leapan
5. stáisiun traenach

Ceist 5

1	locht	lochtanna
2	vótóir	vótóirí
3	carr	carranna
4	clár	cláracha
5	cathair	cathracha
6	baile	bailte
7	duine	daoine
8	leaba	leapacha
9	ailtire	ailtirí
10	cúis	cúiseanna
11	traein	traenacha
12	galar	galair

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Deir an Seanadóir Brendan Ryan go bhfuil seisean go mór in amhras faoin údar nach bhfuil na lochtanna atá ar Chlár na Vótóirí réitithe fós ag an rialtas. Creideann an seanadóir go bhfuil buntáiste ann don rialtas an córas a fhágáil mar atá. Labhair sé inniu le Barraí Mescall.

Barraí Mescall

Cuireadh an rialtas ar an eolas go raibh fadhb le Clár na Vótóirí i ndiaidh an olltoghcháin dheireannaigh nuair a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh agallamh ar 25,000 duine. Is é an toradh a bhí air ná go bhfuarthas amach go raibh 20% acu nach raibh ar Chlár na Vótóirí. I gcathair Chorcaí, mar shampla, de réir figiúirí daonáireamh na bliana seo tá nach mór 94,000 duine i dteideal vóta a chaitheamh ach níl ach beagán le cois 80,000 duine ar dhréachtchlár na Comhairle Cathrach, easpa 12%.

Chris Dorgan

Bailítear an t-eolas[1] uainne i mí Mheán Fómhair agus ansin cinntítear[2] sin ina dhiaidh sin faoi chórais[3] éagsúla ach bailítear an t-eolas ag an CSO ar am cuí ar lá cuí *so* ní mar an gcéanna an tslí[4] go mbailítear an t-eolas *so* sin an fáth go bhfuil difríochtaí eatarthu.

Barraí Mescall

Dúirt sé chomh maith go gcabhródh an síneadh ama a thug an tAire Comhshaoil chun clárú agus go mbeadh go dtí trí seachtaine[5] roimh an chéad olltoghchán eile ag daoine chun clárú.

Brendan Ryan

Chaithfeá an cheist a chur canathaobh nár dheineadar rud éigin agus an t-aon fhreagra gur féidir a chur air sin ná go raibh buntáiste éigin ag dul don rialtas as. Agus tá siad ag iarraidh, i mo thuairimse, anois an buntáiste sin, pé buntáiste atá acu, é sin a choimeád beo go dtí tar éis an toghcháin.

Barraí Mescall

Os rud é go bhfuil an oiread sin fadhbanna ag baint leis an gcóras cláraithe vótóirí is cinnte nach mbeidh siad réitithe roimh olltoghchán na bliana seo chugainn. Agus beidh sé suimiúil chomh maith féachaint an mbeidh an chéad rialtas eile sásta tabhairt fúthu.

Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí

[1] *an eolas* a deirtear sa mhír
[2] *cinntífear* a deirtear sa mhír
[3] *faoi chórasaí* a deirtear sa mhír
[4] *an slí* a deirtear sa mhír
[5] *trí sheachtain* a deirtear sa mhír